Tá an Institiúid faoi rialú ag Acht na gCeardcholáistí Réigiúnacha, 1992, a rinne soláthar don aistriú ón CCO chuig an gcoláiste gach áis agus fiachas a bhain leis an gcoláiste. Rinneadh Comhlacht Reachtúil don Institiúid ón 1 Eanáir 1993.

Torthaí

Ba é an toradh a bhí ar an mbliain dár críoch 31 Lúnasa 2004 fuíollach €633,000, ach mar gheall ar aistriú chuig an Chiste Srianta agus an Iontaobhas Áiseanna Spóirt bhí easnamh €75,000 ann.

Rinne an Comptroller agus an tIníochóir Ginearálta iniúchadh agus na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa, 2004 gur cheadaigh sé iad gan cheist ar an 7 Aibreán 2005. Tá an Tuarascáil uaidh le léamh i mír 6.2.3.

Ioncam

€9.6 Milliún san iomlán a bhí sna táillí teagasic agus d'íoc an Roinn €6.9 milliún (72%) mar chuid den Scéim Saoire Stáit. Chuir an costas Cláraithe Mac Léinn leis an ioncam le €3.6 milliún.

Caiteachas Caipitil

€15.5 milliún a bhí mar Chaiteachas Caipitil don bhliain, agus caiteadh a bhunús siúd ar Thalamh agus Fhoirgnimh (€5.6 milliún) agus Acmhainní i gCúrsa Tógála (€7.9 milliún).

Caiteachas Reatha

Tháinig méadú beag ar chaiteachas reatha na hInstitiúide don bhliain 2003/2004 le 3.4%, arb ionann é agus €69.7 milliún, i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Ba é an chuid ba mhó de seo na táillí tuarastail arb ionann agus €48.6 milliún don bhliain é.

TAIGHDE AGUS FORBAIRT

Tá caiteachas ar ghníomhaireachtaí R&D go brath ar mhaoiniú a fháil ó ghníomhaíochtaí seachtracha trí bhabhta iomaíocha maoinithe. Tá ioncam agus caiteachas san earnáil seo laidir ag €4 milliún.



6.2 Cuntais Iniúchta

Ráiteas Rialacháin Inmheánaigh Airgeadais

Ráiteas Dualgas Institiúide

Tuarascáil Iniúcháin

Ráiteas Polasaithe Iniúchta

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Clár Comhordaithe

Ráiteas Sreabhaidh Airgid

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

6.2.1 Ráiteas Córais Rialacháin Inmheánaigh Airgeadais

Dualgais i leith Córais Rialacháin Inmheánaigh Airgeadais

Aithníonn an Bord Rialaithe a dhualgais lena chinntiú go gcaomhnaítear agus go gcuirtear i bhfeidhm córas éifeachtas rialacháin inmheánaigh airgeadais. Sa chóras rialacháin inmheánaigh tá na próisis sin a mbaintear feidhm astu leis na mórghuaiseanna a bhíonn roimh Insitiúid Teicneolaíochta Chorcaí a shainiú, a mheas agus a bhainistiú agus cúrsaí á mbainistiú ann. Cuireadh an córas le chéile le guais a bhainistiú in áit a chealú, ag aithint gur féidir dearbhú réasúnta agus ní iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear acmhainní, go gceadaítear bearta agus go ndéantar taifeadadh mar is cuí orthu, agus go gcealaítear nó go n-aithnítear in am meancóga ábhartha nó nithe neamhrialta.

Príomhghnásanna Rialacháin

- Tá gnásanna agus rialacháin airgeadais i bhfoirm cáipéise, i bhfeidhm agus suas chun dáta.
- Breithniúcháin rialta ag an mBord Rialaithe ar thuarascáileanna bliantúla agus raithe, ina measc feidhmiú airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.
- Treoirlínte rialacháin a léiríonn go soiléir infheistíocht chaipitil.
- Tá Coiste Iniúcháin, le cairt sainmhínithe iniúchta, ann le téarma soiléire tagartha a théann i mbun ceisteanna ar leith rialacháin agus a fhaigheann na tuarascáileanna ó na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha.
- Tá an Bord Rialaithe i mbun guaiseanna gnó a aithint agus a mheas faoi lathair.

Tá feidhm iniúchta foinisithe allamuigh ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, a oibríonn de réir Creatchód Cleachtas a leagadh amach san Chód Cleachtas le haghaidh Rialaithe ar Eagraíochtaí Stáit. Forbraíodh straitéis inmheánach iniúchta don 2003-2005 bunaithe ar mheasúnacht priacail. Tá an straitéis seo iniúchta faomhaithe ag an gCoiste Inmheánach Iniúchta agus ag an mBord Rialaithe.


Tagann an Coiste Iniúchta agus na hIniúcháirí Inmheánacha le chéile ar bhonn rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar an obair san Iniúchadh Inmheánach, ina mbíonn tuarascáil ar ghníomhaireacht iniúchta inmheánaigh. Sa chreatlach tá 13 príomhghníomhaireachtaí

airgeadais sainítear na seiceanna ba chóir a dhéanamh go rialta chun éifeacht na timpeallachta rialaithe inmheánaí airgeadais a mheas.


Bunaítear an Bord Rialaithe a dhéanann monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeacht rialaithe inmheánaí airgeadais ar obair Cheannaire na hIniúchta Inmheánaí, An Coiste Iniúchta a mhaoirsíonn obair na hIniúchta Inmheánaí, an Stiúrthóir, Feidhmeannas na hInstitiúide agus Bainisteoirí i nSitiúid Teicneolaíochta Chorcaí a bhfuil sé de dhualgas orthu forbairt agus caomhnú an chreatlaigh rialaithe airgeadais a stiúradh, agus tá sé bunaithe fosta ar aischothú ón Ard-Reachtaire agus an Iniúchóir Ginearálta sa litir bhainistíochta uaidh nó i dtuarascáileanna eile.

Dearbhaímid go ndearna an Bord Rialaithe athbhreithniú ar éifeacht an chórais a bhaineann le rialachán inmheánach airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird Rialaithe



Donal O'Rourke
Cathaoirleach




Patrick Kelleher
Stiúrthóir

6.2.2 Ráiteas Dualgas Institiúide


De réir Mhír 16 d'Acht na gCeardcholáiste Réigiúnacha, 1992, caithfidh an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú i bhfoirm ar bith is a bhféadfadh an tAire Oideachais agus Eolaíochta a fhaomhadh i gcomhairle leis an Aire Airgeadais agus caithfear iad a thabhairt isteach chun iniúchtha chuig an Ard-Reachtaire agus an Iniúchóir Ginearálta. Agus na ráitis seo airgeadais á n-ullmhú, caithfidh an Institiúid:

- Polasaithe cuí cuntasóireachta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go rialta
- Breithiúnais agus meastúcháin a dhéanamh atá réasúnta agus le ciall
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar ghnéith reatha, muna mbíonn sé oiriúnach
- Eolas agus míniú a thabhairt ar ghnásanna difiriúla ó ghnáthchaighdeáin chuntasóireachta

Tá sé de dhualgas ar an Institiúid fresin leabhair chearta cuntais a choinneáil a léiríonn go measartha mion agus in am ar bith seasamh airgeadais na hInstitiúide agus a ligeann di a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais le Mír 16 den Acht. Tá sé de dhualgas freisin ar an Institiúid a cuid acmhainní a chosaint agus céimeanna réasúnta a ghlacadh le caolaois agus gnéith eile neamhrialta a aithint agus a chosc.



Donal O'Rourke
Cathaoirleach



Patrick Kelleher
Stiúrthóir

6.2.3 Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais leathanaigh 4 go 19 de réir Mhír 16 d'Acht na gCeardcholaístí Réigiúnacha 1992.

Dualgais faoi leith ag Baill an Bhoird Rialaithe agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Tá dualgais chuntasaíochta Bhaill an Bhoird Rialaithe leagtha amach ar leathanach 56. Tá sé mar dhualgas orm, bunaithe ar an iniúchadh, barúil neamhspleách a bheith agam, ar na ráitis airgeadais a cuireadh os mo chomhair agus tuarascáil a dhéanamh orthu dá réir.

Is éard a thugaim le breith faoi cé acu a léiríonn an ráiteas ar leathanach 57 comhlíonadh na hInstitiúide leis an ndrucht-threoir ar rialú corparáideach a d'eisigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus tugaim chun tuairisce am ábharthach ar bith nach gcomhlíontar, nó má bhíonn an ráiteas contráilte nó ar neamhréir le heolas ar bith eile atá agam ón iniúchadh a rinne me ar na ráitis airgeadais.

Bunús Tuairime Iniúchtha

Agus mé ag feidhmiú mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán iniúchta a d'eisigh an Bord Cleachtais Iniúchta agus trí thagairt a dhéanamh do na breithniúcháin speisialta maidir le bainistíocht agus oibriúchán a cheanglaítear le grúpaí a fhaigheann maoiniú ollmhór ó Stát.

Is é atá i gceist le hiniúchadh scrúdú, ar bhonn scrúdaithe, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus na hoscailtí sna ráitis airgeadais. Ann freisin tá measúnacht ar na meastúcháin shuntasacha agus na breithniúcháin a rinneadh agus ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus cé acu a mbíonn polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na hInstitiúide, a gcuirtear i bhfeidhm iad go rialta agus a thugtar chun solais iad go soiléir.

Phleanáil agus thug mé faoin iniúchadh ionas go bhfaighfinn gach eolas agus míniú a mheas mé a bheith riachtanach ionas go bhfaighinn go leor eolais chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó míráitis ábharthacha, bíodh caolaíocht nó ní eile neamhrialta ba chúis leo. Agus an tuairim seo á cur le chéile agam rinne mé measúnacht ar leorgacht fhoriomlán an eolais sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Is é mo thuairim féin gur choinnigh an Institiúid leabhair chearta chuntasaíochta agus go léiríonn na ráitis airgeadais, a bhfuil aontú eatarthu, an tslí a bhfuil cúrsaí na hInstitiúide faoi 31 Lúnasa 2004 agus a hioncam mar institiúid agus an caiteachas agus an sreabhadh airgid don bhliain sin.

John Purcell
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

7 Aibreán 2005

6.2.4 Ráiteas Polasaithe Iniúchta

Réamhrá

Bunaíodh Insitiúid Teicneolaíocht Chorcaí i 1974 agus go dtí 31 Nollaig 1992 d'fheidhmigh sé faoi stiúir Choiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí (VEC) de réir an tsoláthair na hAchtanna um Ghairmoideachas. I ndiaidh gur tháinig Acht na gCeardcholáistí Réigiúnacha i bhfeidhm, 1992, rinneadh Eagraíocht Reachtúil den Institiúid ó 1 Eanáir 1993. Rinne an tAcht soláthar don aistriú ón VEC chuig an Institiúid gach acmhainn agus fiachas a bhain leis an Institiúid. Athraíodh an t-ainm Ceardcholáiste Réigiúnach Chorcaí go hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí le hordú ón Aire Oideachais agus Eolaíochta ar 18 Nollaig 1997.

1. Bunús na Cuntasóireachta

Clúdaíonn na Ráitis seo Airgeadais an bhliain dar tús 1 Meán Fómhair go 31 Lúnasa 2004. Is é an Euro an t-aonad airgeadra atá i gceist.

2. Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir na bprionsabal a nglactar go coitianta leo de réir coinbhinsiún stairiúil costais (ach amháin réadmhaoin faoi leith a chuirtear ann ag an am measúnaithe) agus le riachtanais an Aire Oideachais agus Eolaíochta.

3. Deontais Stáit

Is é An Roinn Oideachais agus Eolaíochta a thugann deontas stáit amach ar bhonn bliantúil. Is é an deontas a thuairiscítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an méid an dheimhníonn an Rialtas a bheith cuí don bhliain acadúil, mar atá ag dáta faomhaithe na ráiteas airgeadais.

Bíonn deontais stáit le haghaidh caiteachais caipitil (ina measc deontais ar chuspóirí rialta a mbaintear feidhm astu le trealamh a cheannach agus ar mhionobriúcháin) caipitlithe agus creidiúnaithe chun ioncaim thar fhadhsaol measta na n-acmhainní gaolmhara.

4. Deontais Taighde agus Conarthaí

Bíonn deontais taighde agus maoiniú conarthaí ar fáil in ioncam na bliana ina dtarlaíonn an costas gaolmhar. Déantar soláthar iomlán ar chaillteanais a mheastar a bheadh ann.

Bíonn maoiniú deontas taighde agus conarthaí caipitlithe le hacmhainní inbhraite buana a cheannach agus creidiúnaithe chun ioncaim thar fhadhsaol measta na n-acmhainní gaolmhara

5. Stoic

Gearrtar caiteachas ar leabhair nó ar stoic inchaite chuig an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a tharlaíonn sé.

6. Acmhainní Sobhraithe Buana agus Luachlaghdú

Meastar acmhainní inbhraite buana ach amháin talamh ag costas stairiúil nó luachlaghdú carnach móide luach. Meastar costas talún ar chostas stairiúil nó luach.

(a) Costas nó Luach

Deimhnítear acmhainní inbhraite buana a bhíonn ann ar 1 Eanáir 1993 (dáta ordaithe tosaithe) ag am luachála. Tá bunús na luachála leagtha amach ag Nóta 15. Dearbhaíodh breisiúcháin eile ar chostas.

(b) Luachlaghdú

Cuirtear luachlaghdú ar fáil ar acmhainní inbhraite buana (seachas talamh) ar bhunús líne dhíreach lena gcostais stairiúla a ghlanadh nó nó a luachanna thar a bhfadsaol mheasta úsáidte.

6.2.4 Ráiteas Polasaithe Iniúchta

Is iad seo a leanas na fadshaoil mheasta úsáide a bhíonn ag acmhainní inbhraite buana:

	Blianta
Foirgnimh	30 – 50
Foirgnimh Réamhdhéanta, daingneáin, innealra agus gléasra	10
Mór-Ríomhaire	7
Trealamh Eile Ríomhaireachta	4
Trealamh Oideachais agus Riaracháin	5
Troscán	5
Mótarfheithiclí	5
Trealamh ar leith le haghaidh tionscnaimh thaighde Fadsaol Tionscnaimh	

7. Acmhainní Léasaithe

Faoi threoir na Rannóige Oideachais agus Eolaíochta léirítear costas caipitil na n-acmhainní a fuarthas faoi léasanna airgeadais sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse inar tugadh faoin léas. Tá an costas caipitil leis na acmhainní buana.

8. Airgeadra Eachtrach

Aistrítear bearta in airgeadra eachtrach chuig Euro agus déantar taifead orthu ag rátaí malartáin a bhíonn ann ag dáta an bhearta. Aistrítear acmhainní airgeadais agus fiachais in airgeadra eachtrach chuig Euro ag na rátaí malartáin a bhíonn ann ag dáta an Chláir Chomhardaithe nó ag rátaí chun tosaigh conartha nuair a bhíonn conarthaí den chineál sin i bhfeidm.

9. Pinsin

Bronntar gach teidlíocht pinsin foirne faoi réir scéime sainithe teidhlíochta a bunaíodh faoi réir Achta an Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas), 1980, agus comhlíonann an Stáitchiste dualgais i leith pinsean de réir mar a thagann siad.

Coinníonn an Institiúid asbhaintí aoisliúntais na bhfostaithe.

Ní dhéanann an Institiúid rannaíocaíocht chuig an scéim agus ní bhíonn dualgais ar bith uirthi maidir le teidlíochtaí.

10. Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach gan amúchadh ioncaim a chuirtear ar fáil le haghaidh maoinithe caipitil.

11. Cúlchiste Srianta

Seasann an cúlchiste seo do na méideanna a chuirtear i leataobh ó na Táillí Cláraithe a íocann mic léinn agus maoiniú ó pháirtithe gaolmhara, agus ús bainc a tuilleadh ar an airgead seo, airgead a chaithfear ar sholáthar áiseanna Mac Léinn agus forbairt fhadtéarmach na hInstitiúide.

12. Iontaobhas Áiseanna Spóirt

I 2002 bhunaigh an Institiúid Iontabhas Áiseanna Spóirt. Seasann an cúlchiste seo do na méideanna a chuirtear i leataobh ó na Táillí Cláraithe a íocann mic léinn agus maoiniú ó pháirtithe gaolmhara, agus ús bainc a tuilleadh ar an airgead seo, airgead a chaithfear ar sholáthar áiseanna spóirt don Institiúid.

13. Táillí Cláraithe Mac Léinn

Baintear feidhm as táillí chun Áiseanna agus Conláiste Mac Léinn a mhaoiniú ó Mheán Fómhair 2002 ar aghaidh, faoi threoir na Rannóige Oideachais agus Eolaíochta, baintear úsáid as cuid de tháille an mhic léinn (€250) chun caiteachas ginearálta reatha na hInstitiúide a mhaoiniú. Aistrítear airgead ar bith iarmharach chuig an gCúlchiste Srianta.


6.2.5 Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain Thart 31 Lúnasa 2004

	NOTE	2004 €000	2003 €000
IONCAM			
Deontas Athfhillteach Stáit	1	44,388	42,926
Scaoileadh ó Chuntas Caipitil		5,222	6,292
Táillí Teagaisc	2	9,589	8,906
Taighde, Forbairt agus Féinmhaoiniú	3	4,034	4,020
Ús ar Ioncam	4	188	222
Táillí Cláraithe Mac Léinn	5	3,624	3,495
Ioncam Eile	6	3,304	4,155
		<u>70,349</u>	<u>70,016</u>
 CAITEACHAS			
Roinna Acadúla	7	43,297	41,261
Seirbhísí Tacaíochta Acadúla	8	693	1,052
Foirgnimh	9	4,664	5,117
Riarachán Ginearálta	10	10,226	8,023
Caiteachas Ginearálta Breise	11	477	362
Áiseanna agus Conláiste Mac Léinn	12	1,098	1,279
Taighde, Forbairt agus Féinmhaoiniú	3	4,039	4,018
Luachlaghdú	15	5,222	6,292
	13	<u>69,716</u>	<u>67,404</u>
 Fuíollach Oibriúcháin		633	2,612
Aistriú chuig Cúlchiste Srianata		(360)	(1,304)
Aistriú chuig Iontaobhas Áiseanna Spóirt		(935)	(750)
 Fuíollach Carnach ag tús bliana		<u>587</u>	<u>29</u>
Fuíollach /(Easnamh) Carnach ag deireadh bliana		<u>(75)</u>	<u>587</u>


Níl caillteanais ná gnóthacháin ar bith aitheanta seachas iad siúd a luaitear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Tá na Ráitis na bpolasaithe agus nótaí Cuntasaíochta 1-29 mar chuid de na ráitis airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird Rialaithe



Donal O'Rourke
Cathaoirleach




Patrick Kelleher
Stiúrthóir

6.2.6 Clár Comhardaithe ar 31 Lúnasa 2004


	NÓTA	2004	2003
		€000	€000
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Sócmhainní Inbhraite	15	78,667	68,411
		<u>78,667</u>	<u>68,411</u>
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Féichiúnaithe	16	6,097	5,243
Airgead sa bhanc agus ar láimh		9,416	9,983
		<u>15,513</u>	<u>15,226</u>
CREIDIÚNAITHE			
Méideanna ag titim le hóc taobh istigh de bhliain amháin	17	10,578	7,936
SÓCMHAINNÍ REATHA GLANA			
		<u>4,935</u>	<u>7,290</u>
SÓCMHAINNÍ IOMLÁN LÚIDE FIACHAIS REATHA			
Méideanna ag titim le hóc taobh istigh de bhliain amháin		-	-
SÓCMHAINNÍ GLANA			
		<u>83,602</u>	<u>75,701</u>
Ionadaithe ag			
CÚLCHISTE			
Cuntas Caipitil	18	78,667	68,411
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		(75)	587
		<u>78,592</u>	<u>68,998</u>
Cúlchiste Srianta	19	3,897	5,744
Iontaobhas Áiseanna Spóirt	20	1,113	959
		<u>83,602</u>	<u>75,701</u>

Tá na Ráitis na bpolasaithe agus nótaí Cuntasaíochta 1-29 mar chuid de na ráitis airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird Rialaithe



Donal O'Rourke
Cathaoirleach



Patrick Kelleher
Stiúrthóir


6.2.7 Ráiteas Sreabhaidh Airgid

don Bhliain Thart 31 Lúnasa 2004


	NÓTA	2004	2003
OIBRIÚCHÁIN		€000	€000
Airgead faighte ó:			
Dheontais stáit le haghaidh caiteachais athfhilltigh		44,899	44,595
Aoisliúntas		2,595	2,269
Táillí Teagaisc		9,477	9,035
Deontais Taighde agus Conarthaí		3,203	4,657
Ús ar Ioncam		79	67
Ioncam Eile		<u>3,478</u>	<u>3,513</u>
		63,731	64,136
Íocaíochtaí Airgid do agus ar son fostaithe		(48,061)	(45,566)
Íocaíochtaí Airgid chuig Soláthraithe		(9,092)	(10,119)
Íocaíochtaí eile Airgid		<u>(6,661)</u>	<u>(5,933)</u>
AIRGEAD GLAN ISTEACH Ó OIBRIÚCHÁIN		(83)	2,518
 CAITEACHAS CAIPITIL			
Deontais faighte - Deontais Stáit le haghaidh			
Caiteachais chaipitil		8,279	8,449
- Leathdháileadh ón deontas Stáit			
le haghaidh caiteachais athfhilligh		1,531	999
- Eile		2,257	1,464
Íocaíochtaí chun sócmhainní inbhraite buana a fháil		<u>(12,921)</u>	<u>(10,381)</u>
AIRGEAD GLAN (AMACH)/ISTEACH Ó CHAITEACHAS CAIPITIL		(854)	531
 AIRGEAD GLAN (AMACH)/ISTEACH ROIMH DHEONTAIS MAC LÉINN AGUS LÉASANNA AIRGEADAIS		(937)	3,049
 AIRGEAD GLAN ISTEACH/ (AMACH) Ó BHAINISTÍOCHT DEONTAS MAC LÉINN AR ACMHAINNÍ LEACHTACHA -ÉARLAISÍ GEARRTHÉARMA	22	370 (1,134)	(990) (1,239)
 (LAGHDÚ)/MÉADÚ AR AIRGEAD	21	<u>(1,701)</u>	<u>820</u>

Tá na Ráitis na bpolasaithe agus nótaí Cuntasaíochta 1-29 mar chuid de na ráitis airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird Rialaithe



Donal O'Rourke
Cathaoirleach



Patrick Kelleher
Stiúrthóir

6.2.8 Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Deontas Stáit

	Dáilte le haghaidh caiteachais athinfillte	Dáilte le haghaidh caiteachais chaipitil	Iomlán
	€000	€000	€000
Deontais stáit le haghaidh caiteachais athfhilltigh	43,512	1,530	45,042
Deontas stáit le haghaidh caiteachais athfhilltigh	876	7,942	8,818
	<u>44,388</u>	<u>9,472</u>	<u>53,860</u>

Chomh maith leis na nithe uile thuas, glacadh méideanna de €325,664 agus €74,350 chun ioncaim maidir le Maoiniú Cruacháis agus Míchumais ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an HEA. Tá na méideanna seo san áireamh faoi Ioncam Eile.

	2004	2003		2004	2003
	€000	€000		€000	€000
2. Táillí Teagaisc					
Mic Léinn Lánaimsearta (arb ionann é agus 6,160 lánaimseartha)	7,710	7,083			
Mic Léinn páirtaimsearta (arb ionann é agus 2,274 páirtaimseartha)	1,879	1,823			
	<u>9,589</u>	<u>8,906</u>			
D'íoc an Roinn Oideachais agus Eolaíochta táillí teagaisc €2.898m sa bhliain faoi choinne cúrsaí lánaimseartha céime agus bhí €4.403m ann le haghaidh cúrsaí áirithe dioplóim agus teastais, na costais iomlána acu siúd páirtmhaoinithe ag an ESF					
3. Taighde, Forbairt agus Féinmhaoiniú					
Ioncam					
Ioncam	6,956	4,475			
Aistriú chuig Cuntas Caipitil	(2,922)	(455)			
	<u>4,034</u>	<u>4,020</u>			
Costais Foirne					
Teagasc	285	257			
Teicniúil	5	7			
Riarachán, Feidhmeannas agus Rúnaíocht	411	277			
Scrúduithe	22	5			
Taighde	602	836			
Íocaíocht Seirbhísí Mac Léinn	8	8			
Foireann Ghinearálta	26	32			
	<u>1,359</u>	<u>1,422</u>			
3. Caiteachas					
Ábhair agus Tomhaltáin			384	425	
Ábhair Leabharlainne			2	10	
Costais Ríomhairí			70	96	
Oideachas Ginearálta			884	760	
Costais Taighde			279	473	
Trealamh			-	9	
Costais Fhoirgnimh			231	80	
Taisteal agus Cothú			461	405	
Costais Phearsanra			113	110	
Táillí Proifisiúnta			116	103	
Cumarsáid			12	23	
Stáiseanáireacht agus Ábhair Oifige			96	92	
Fógraíocht Ghinearálta agus Poiblíocht			20	9	
Costais Airgeadais			2	1	
Eile			10	-	
			<u>2,680</u>	<u>2,596</u>	
Caiteachas Iomlán			<u>4,039</u>	<u>4,018</u>	
4. Ús ar Ioncam					
			<u>188</u>	<u>222</u>	
			<u>188</u>	<u>222</u>	
5. Táillí Cláraithe Mac Léinn					
Clárú			4,159	3,804	
Ús ar Ioncam			5	35	
Ioncam Eile			25	25	
			<u>4,189</u>	<u>3,864</u>	

6.2.8 Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

	2004	2003
	€000	€000
Aistriú chuig Féinmhaoiniú		
Chun costais cláraithe mac léinn a mhaoiniú	(105)	(95)
Chun costais choinnithe mac léinn a mhaoiniú	(77)	(71)
Chun costais scrúdaithe a mhaoiniú	(209)	(178)
Chun costais áirithe a mhaoiniú	(73)	-
	<u>(464)</u>	<u>(344)</u>
Aistriú chuig Cuntas Caipitil	(101)	(25)
	<u>3,624</u>	<u>3,495</u>
Táillí Caipitíochta Mac Léinn	4,159	3,804
Ús agus Ioncam Eile	30	60
	<u>4,189</u>	<u>3,864</u>
Curtha i bhfeidhm mar:		
Caite ar áiseanna Mac Léinn agus Conláiste (Nóta 12)	1,098	1,279
Aistriú chuig Féinmhaoiniú	464	344
Aistriú chuig Caipiteal (Nóta 18)	101	25
Coinnithe chun caiteachas ginearálta athinfhille a mhaoiniú	1,412	1,275
Aistriú chuig Cúlchiste Áiseanna Spóirt	924	750
Aistriú chuig Cúlchiste Srianta	190	191
	<u>4,189</u>	<u>3,864</u>
Léiríonn na haistrithe chuig Féinmhaoiniú méideanna curtha i leataobh chun Clárú, Coinneáil Mac Léinn, Scrúduithe agus costais áirithe a mhaoiniú. Tá siad seo san áireamh mar Ioncam faoi Thaighde, Fhorbairt agus Mhaoiniú Foirne agus curtha in éadan fíorchaiteachais a gearradh. Tá comharduithe nach bhfuiltear ag dúil leo san áireamh mar ioncam iarchurtha.		
6. Ioncam Eile		
Maoiniú Cruacháis	326	216
Maoiniú Míchumais	74	67
Aistriú chuig Cuntas Caipitil	(18)	(22)
	<u>382</u>	<u>261</u>
Aoisliúntas	2,595	2,270
Ioncam Eile	312	1,617
Diúscairteanna Sócmhainní Buana	15	7
	<u>3,304</u>	<u>4,155</u>
7. Roinna Acadúla		
Foireann		
Teagasc	35,565	33,609
Teicniúil	3,160	3,250
Riarachán, Feidhmeannas agus Rúnaíocht	616	520

	2004	2003
	€000	€000
Caomhnú Foirgneamh	792	707
Scrúduithe	367	430
Taighde	14	3
Foireann Ghinearálta	58	11
	<u>40,572</u>	<u>38,530</u>
Ábhar agus Seirbhísí		
Ábhair agus Tomhaltáin Eile	1,517	1,525
Ábhair Leabharlainne	117	9
Costais Ríomhairí	166	160
Oideachas Ginearálta	8	7
Trealamh	42	39
Costais Fhoirgnimh	223	343
Taisteal agus Cothú	227	239
Costais Phearsanra	36	37
Táillí Proifisiúnta	19	5
Cumarsáid	10	17
Stáiseanáireacht agus Ábhair Oifige	309	271
Fógraíocht Ghinearálta agus Poiblíocht	24	58
Costais Airgeadais	4	2
Eile	23	19
	<u>2,725</u>	<u>2,731</u>
Caiteachas Iomlán	<u>43,297</u>	<u>41,261</u>
8. Seirbhísí Tacaíochta Acadúla Leabharlann:		
Foireann Leabharlainne	355	562
Ábhair agus Tomhaltáin Eile	5	2
Ábhair Leabharlainne	38	192
Costais Ríomhairí	1	7
Costais Fhoirgnimh	-	2
PEARSANRA	1	7
Stáiseanáireacht agus Ábhair Oifige	19	21
	<u>419</u>	<u>793</u>
8. Seirbhísí Ríomhaire:		
Teicniúil	189	167
Riarachán, Feidhmeannas agus Rúnaíocht	43	38
Ábhair agus Tomhaltáin Eile	19	14
Costais Ríomhairí	16	34
Costais Fhoirgnimh	1	2
Taisteal agus Cothú	1	1
Cumarsáid	3	1
Stáiseanáireacht agus Ábhair Oifige	2	2
	<u>274</u>	<u>259</u>
Caiteachas Iomlán	<u>693</u>	<u>1,052</u>

6.2.8 Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

	2004	2003		2004	2003
	€000	€000		€000	€000
9. Foirgnimh Foireann			Costais Airgeadais	22	22
Caomhnú Foirgneamh	1,374	1,019	Maoiniú Cruacháis	314	210
	<u>1,374</u>	<u>1,019</u>	Maoiniú Míchumais	35	31
			Eile	3	15
Ábhar agus Seirbhísí			Líonrú Náisiúnta	<u>2,267</u>	<u>2,244</u>
Ábhair agus Tomhaltáin Eile	58	37		<u>6,019</u>	<u>5,045</u>
Trealamh	2	2	Caiteachas Iomlán	<u><u>10,226</u></u>	<u><u>8,023</u></u>
Costais Fhoirgnimh	2,686	3,678			
Taisteal agus Cothú	7	4	11. Caiteachas Ginearálta Breise Foireann		
Costais Phearsanra	1	4	Scrúduithe	324	254
Táillí Proifisiúnta	250	113	Ábhar agus Seirbhísí		
Cumarsáid	63	49	Oideachas Ginearálta	<u>153</u>	<u>108</u>
Stáiseanáireacht agus Ábhair Oifige	3	4		<u>477</u>	<u>362</u>
Fógraíocht Ghinearálta agus Poiblíocht	4	2			
Árachas	216	205	12. Áiseanna agus Conláiste Mac Léinn Foireann		
	<u>3,290</u>	<u>4,098</u>	Teagasc	18	1
Caiteachas Iomlán	<u><u>4,664</u></u>	<u><u>5,117</u></u>	Riarachán, Feidhmeannas agus Rúnaíocht	111	314
			Taighde	2	25
10. Riarachán Ginearálta Foireann			Seirbhísí Mac Léinn	<u>204</u>	<u>270</u>
Teagasc	106	76		<u>335</u>	<u>610</u>
Teicniúil	184	66	Ábhar agus Seirbhísí		
Riarachán, Feidhmeannas agus Rúnaíocht	3,365	2,666	Ábhair agus Tomhaltáin Eile	39	34
Caomhnú Foirgneamh	205	109	Costais Ríomhairí	3	1
Taighde	93	41	Oideachas Ginearálta	1	3
Seirbhísí Mac Léinn	74	-	Seirbhísí do Mhic Léinn	465	431
Foireann Ghinearálta	141	-	Trealamh	153	
Maoiniú Míchumais	32	20	Costais Fhoirgnimh	7	7
Líonrú Náisiúnta	7	-	Taisteal agus Cothú	17	22
	<u>4,207</u>	<u>2,978</u>	Bord Agallaimh – Caiteachas Painéil	4	1
			Táillí Proifisiúnta	152	117
Ábhar agus Seirbhísí			Cumarsáid	2	-
Ábhair agus Tomhaltáin Eile	126	125	Stáiseanáireacht agus Ábhair Oifige	32	22
Ábhair Leabharlainne	1	1	Fógraíocht Ghinearálta agus Poiblíocht	4	7
Costais Ríomhairí	305	140	Árachas	22	21
Seirbhísí do Mhic Léinn	42	17		<u>763</u>	<u>669</u>
Trealamh	30	8	Caiteachas Iomlán	<u><u>1,098</u></u>	<u><u>1,279</u></u>
Costais Fhoirgnimh	644	267			
Taisteal agus Cothú	384	330			
Costais Phearsanra	317	256			
Táillí Proifisiúnta	638	531			
Táille Iniúchadh C & AG	19	18			
Cumarsáid	329	230			
Stáiseanáireacht agus Ábhair Oifige	298	227			
Fógraíocht Ghinearálta agus Poiblíocht	65	198			
Árachas	180	175			

6.2.8 Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

	2004	2003
	€000	€000
13. Achoimre ar Chaiteachas		
Tuarastal	48,758	45,580
Neamhthuarastal	15,736	15,532
Luachlaghdú	5,222	6,292
	<u>69,716</u>	<u>67,404</u>

14. Cánachas

Níl ceann ar bith de ghníomhaireachtaí na hInstitiúide faoi dhliteanas Cánachais Corparáidí faoin Stádas Carthanach a fuarthas in Eanáir 1993 ón Roinn Oideachais.

15. Sócmhainní Socraithe Inláimhsithe

	Iomlán	Talamh agus Foirgnimh	Á dTógáil	Daingeá in agus Feistí	Troscán agus Trealamh	Mótarfh-eithiclí
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Costas nó Luach						
Tús na Bliana	107,542	67,925	7,806	2,136	29,496	179
Breisiúcháin	15,501	5,620	7,918	222	1,656	85
Diúscairteanna	(1,202)	-	-	-	(1,193)	(9)
Deireadh Bliana	121,841	73,545	15,724	2,358	29,959	255
Luachlaghdú						
Tús na Bliana	39,131	15,660	-	696	22,652	123
Diúscairteanna	(1,179)	-	-	-	(1,172)	(7)
Costas Bliana	5,222	1,813	-	205	3,163	41
Deireadh Bliana	43,174	17,473	-	901	24,643	157
Luach Glan Leabhair						
Deireadh Bliana	78,667	56,072	15,724	1,457	5,316	98
Tús na Bliana	68,411	52,265	7,806	1,440	6,844	56

Rinne an Oifig Luachála luacháil ar Thalamh agus Fhoirgnimh ar an 1 Eanáir 1993. Rinneadh luacháil ar shócmhainní eile nua a bhí ann ar an dáta sin ag an Institiúid ar bhonn luach oscailte margáil le haghaidh úsáide reatha. I measc na ndiúscairteanna don bhliain sin tá díscríobh sócmhainní a raibh costas €1.1m orthu ar bhain luachlaghdú díobh go hiomlán.

	2004	2003
	€000	€000
16. Féichiúnaithe		
Deontas stáit le haghaidh caiteachais athfhilltigh	2,606	632
Deontais Chaomhnaithe Mac Léinn ESF (Nóta 22)	744	1,114
Taighde, Forbairt agus Féinmhaoiniú - Féichiúnaithe	1,736	2,445
Aisíoc agus Ioncam carnach	374	341
	<u>6,097</u>	<u>5,243</u>

6.2.8 Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

	2004	2003
	€000	€000
17. Creidiúnaithe		
Méideanna ag titim le hóc taobh istigh de bhliain amháin		
Creidiúnaithe Trádála	335	468
Deontas stáit le haghaidh caiteachais chaipitil - ioncam	-	166
Deontas stáit le haghaidh caiteachais chaipitil – ioncam iarchurtha	511	-
Deontas Eile Stáit – ioncam iarchurtha	334	442
Taighde, Forbairt agus Féinmhaoiniú – ioncam iarchurtha	3,332	3,891
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	6,066	2,969
	<u>10,578</u>	<u>7,936</u>

18. Cuntas Caipitil

Comhardú 1 Meán Fómhair	68,411	64,438
Gluaiseacht i rith na bliana		
<u>Deontais Chaipitil Infhaighte</u>		
Deontas Caipitil Stáit	7,942	7,857
Dáilte on Stáit		
Deontas Athinfillte	1,530	999
Clárú	101	25
Taighde, Forbairt agus Féinmhaoiniú	2,922	455
Maoiniú Míchumais	7	16
Maoiniú Cruacháis	11	6
Eile	-	80
Aistriú ó Cúlchiste Áiseanna Spóirt	625	-
Aistriú ó Chúlchiste Srianta	2,363	884
	<u>83,912</u>	<u>74,760</u>
<u>Scaoilte chuig Ioncam</u>		
Amúchadh de réir luachlaghdú sócmhainní	(5,222)	(6,292)
Méid scaoilte ar dhiúscairt Sócmhainní Buana	(23)	(57)
Comhardú ar 31 Lúnasa	<u>78,667</u>	<u>68,411</u>

19. Cúlchiste Srianta

Comhardú 1 Meán Fómhair	5,744	5,324
Aistriú ó Chuntas Ioncaim agus Caiteachais	360	1,304
Aistriú ó Iontaobhas Áiseanna Spóirt	156	-
Aistriú chuig Cuntas Caipitil	(2,363)	(884)
Comhardú 31 Lúnasa	<u>3,897</u>	<u>5,744</u>

Seasann an comhardú ar 31 Lúnasa do €3.897m den mhaoiniú a cuireadh i leataobh le haghaidh áiseanna Mac Léinn de €3.171m agus do fhorbairt fhadtéarmach na hInstitiúide de €0.726m.

	2004	2003
	€000	€000
20. Iontaobhas Áiseanna Spóirt		
Comhardú 1 Meán Fómhair	959	209
Aistriú ó Chuntas Ioncaim agus Caiteachais	935	750
Aistriú chuig Cúlchiste Srianta	(156)	-
Aistriú chuig Cuntas Caipitil	(625)	-
Comhardú 31 Lúnasa	<u>1,113</u>	<u>959</u>

21. Méideanna sa Ráiteas Sreatha Airgeadais

Déantar anailís ar nó réitítear méideanna sa ráiteas sreatha airgeadais mar a leanas:

Airgead Glan (Amach)/Isteach ó Oibriúcháin

Barrachas Oibriúcháin/(Easnamh)	633	2,612
Aistriú chuig Cúlchiste Srianta	(360)	(1,304)
Aistriú chuig Áiseanna Spóirt	(935)	(750)
Deontais Mac Léinn	(370)	990
Sreath Airgeadais ó Bhreiseiúcháin Chaipitil	854	(531)
(Méadú)/(Laghdú) i bhFéichiúnaithe	(854)	2,178
Méadú/(Laghdú) i gCreidiúnaithe gearrthearma	2,642	(1,847)
(Méadú)/(Laghdú) sa Chúlchiste Srianta	(1,847)	420
(Méadú)/(Laghdú) i gCúlchiste Áiseanna Spóirt	154	750
	<u>(83)</u>	<u>2,518</u>

Réiteach Sreatha Airgeadais chuig gluaiseacht in Airgeadra Glan

(Laghdú)/(Méadú) airgid sa tréimhse	(1,701)	820
Méadú ar Shócmhainní Leachtacha	1,134	1,239
Athruithe ar Airgeadra Glan	(567)	2,059
Airgeadra Glan ag tús bliana	9,983	7,924
Airgeadra Glan ag deireadh bliana	9,416	9,983
Méadú ar Airgeadra Glan	<u>(567)</u>	<u>2,059</u>

Anailís ar athruithe ar Airgeadra glan

	Ar 1 Meán Fómhair	Sreathú Airgid	Ar 31 Lúnasa
Comhardaithe Airgid agus Bainc	6,794	(1,701)	5,093
Diúscairteanna Gearrtéarmacha	3,189	1,134	4,323
lomlán	9,983	(567)	9,416

6.2.8 Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

	2004	2003
	€000	€000

22. Deontais Chaomhnaithe Mac Léinn ESF

Comhardú 1 Meán Fómhair Admhálacha i rith na bliana	(1,114)	(124)
Íocaíochtaí i rith na bliana	4,251	2,394
Comhardú ar 31 Lúnasa	3,881	3,384
	<u>(744)</u>	<u>(1,114)</u>

Maoiníonn an ESF cuid de na méideanna a fhaightear ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

23. Fostaithe

1,175 an meánmhéid foirne a fostaíodh ag an Institiúid don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2004 (2003: 1,154).

24. Fochuideachta

Bunaíodh cuideachta, Cuideachta Réadmhaoine Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí Teo. ag an Institiúid in 2000 mar gheall ar thionscnaimh áirithe foirgníochta na hInstitiúide. Tá caipiteal roinnte eisithe ag an gCuideachta de 12 ghnáthsciar ar luach €1.27 an ceann. Is leis an Institiúid sciarchaipiteal na cuideachta.

Glacann an chuideachta sealúchas áirithe ar cíós ón Institiúid faoi choinne €31,743 an bhliain.

Gearrann an chuideachta cíós €33,013 sa bhliain ar an Institiúid.

Níor daingníodh torthaí na cuideachta go fóill le ráitis airgeadais na hInstitiúide

25. Ceaintín na hInstitiúide agus Siopa

Reachtálann cuideachta, Cuideachta Seirbhísí Mac Léinn ITC Teo, ceaintín na hInstitiúide agus siopa. Déantar iniúchadh ar chuntais an cheaintín agus an tsiopa, nach bhfuil mar chuid den iniúchtaí na hInstitiúide, ag iniúcháirí a cheapann an Chuideachta.

Rinneadh an Chuideachta a ionchorprú i Nollaig 1994. Roimhe sin bhí an ceaintín agus an siopa faoi bhainistiú ag Coiste Institiúide. Ghlac an Chuideachta seilbh ar shócmhainní agus ar fhiachais an cheaintín agus an tsiopa ach an méid €142, 847 mar éisceacht atá curtha ar iontaobh chun fiachais a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaoiniú ag éirí as conarthaí áirithe seirbhíse. Níl taifead déanta ar an

gciste, a bhí ag €210, 916 ar 31 Lúnasa 2004, i gcuntais na hInstitiúide ná na Cuideachta.

Críochnaíodh torthaí airgeadais na Cuideachta don bhliain ar 30 Meitheamh 2004 agus seo mar a leanas iad:

	€
Ioncam	2,754,175
Caiteachas	2,623,786
Barrachas	130,389
Sócmhainní Glana	289,304

26. Infheistíocht

Is leis an Institiúid 15% de ghnáthsciarchaipiteal Saotharlanna En-Force Teoranta. Cuideachta Champais a bhíodh sa Chuideachta dar theideal Aonad Seirbhíse Comhshaoil agus Bitheolaíochta agus bunaíodh mar fhiontar príobháideach é ar an 1 Eanáir 2003. Níor chuir an Institiúid an scairsheilbh ar an Leathanach Comhardaithe mar ní mheasann sé gur ábhartach iad luach na sciarranna.

27. Ócáid Leathanach Iarchomhardaithe

Cuireadh in iúl don Institiúid faoi éileamh ó chonraitheoir maidir le costais bhreise a bhí le tionscnaimh. Tá an Conraitheoir agus an Institiúid i mbun comhráití faoin scéal. Sna ráitis airgeadais níl solathar ann don mhéid atá éilithe mar fhiachas.

28. Figiúir Chompáráideacha

Athshonraíodh na figiúir chompáráideacha de réir na struchtúr nua códaithe costais ar ghlac an Institiúid leo. Ní rachaidh an t-athshonrú i bhfeidhm ar an mbarrachas a tuairiscíodh do 2003.



Eolas Eile

- 7.1 Dialann Imeachtaí Speisialta
- 7.2 Cumann na gCéimithe
- 7.3 Pointí Teagmhála

7.1 Dialann Imeachtaí Speisialta

1. Ar an 26 Meán Fómhair 2003, bhunaigh Noel Demspey, T.D., An tAire Oideachais agus Eolaíochta, an bhunchloch le haghaidh Coláiste Náisiúnta Loingseoireachta ar chostas €51m (NMCI) i Rinn an Scídh, Co. Chorcaí. Tá an Coláiste á thógáil agus á fheidhmiú faoin eiseamláir na Páirtíochta Poiblí Príobháidí (PPP) ag Focus Education Teo. Is é €51.3m luach caipitil an tionscnaimh.

Cuirfidh an Coláiste nua seirbhísí oiliúna ar fáil a dhéanfaidh freastal ar riachtanais reatha Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann. Beidh an coláiste úrscothach mar tharraingt mhór ag traenáilithe idirnáisiúnta, ag treisiú staid na hÉireann ar shárionad feabhais san oiliúint mhuirí.

2. Ar an 29 Deireadh Fómhair bhí searmannas ann ar láithreán an fhoirgnimh nua Staidéir Turasóireachta agus Lónadóireachta ag ITC. Tá an foirgneamh nua 4,228 méadar cearnach agus is é P J Hegarty & Sons Teo., na conraitheoirí. San fhoireann deartha tá ailtírí, de Blacam agus Meaghear Boyd Barret Murphy-O'Connor, innealtóirí struchtúrtha, Malachy Walsh & Páirtithe, Suirbhéirí Cainníochta, Páirtíocht Bruce Shaw, agus innealtóirí meicniúla agus leictreonacha Innealtóirí Comhairliúcháin Arup.

Beidh Roinn Staidéir Turasóireachta agus Lónadóireachta sa tsaoráid nua ar Champas Bhaile an Easpaig ITC. Beidh áiseanna agus trealamh úrscothacha san fhoirgneamh nua chun oiliúint agus oideachas a chur ar fáil le haghaidh dea-chleachtas sa tionscadal Fáilteachais agus Lónadóireachta do phobal measta míle mac léinn. Nuair a bhunófar an scoil nua Staidéir Turasóireacht agus Fáilteachais áis iontach a bheidh ann chun freastal ar an éileamh ollmhór le haghaidh pearsanta oilte in Éirinn agus go háirithe i bpríomhearnáil na turasóireachta réigiúin Chorcaí/Chiarraí.

3. Cúis mhór onóra a bhí ann don Institiúid nuair a bhí Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Íosa, ann maidin Déardaoin 30 Deireadh Fómhair 2003. Le linn a cuairte, bhronn an tUachtarán Bonn trí bliana Óir Institiúid Ríoga Ailtírí Éireann (RIAI) ar an Uas. Shane de Blacam ón Chuideachta Ailtíreachta de Blacam agus Meaghear, i gcomhar le Boyd Barret, Murphy O'Connor mar gheall ar dheardh na bhfoirgneamh Leabharlainne agus Teicneolaíocht an Eolais ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, ar críochnaíodh an chéim dheireanach de i 1997.

Is é Bonn Óir an RIAI an onóir is mó in Ailtíreachta na hÉireann agus bronntar gach tríú bliain é ar dheardh sármaith foirgnimh a chríochnaítear taobh istigh de thrí bliana. Chuaigh "powerful architectural

expression" agus "its dramatic fusion of spatial and structural form" agus "the imaginative use of detail and subtle references to local masonry traditions" go mór i bhfeidhm ar ghiúiré an RIAI.

Tharla cuairt an Uachtaráin dhá chéad bliain ó bunáodh Institiúid Ríoga Chorcaí, ónar eascraíodh Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

4. Bhí baint mhór ag an Institiúid i ndianphróiseas faoi "chothú próisis" chun Duaiseanna Tagarmharcála a dhlístea. Cuireadh fóram de na Ceardchumainn agus den Bhainistíocht chun ceistanna a chur chun cinn le chéile.

5. D'eagraigh an Roinn Forbartha Oideachais DEIS i

gcomhair leis an ionad taighde CREATE i gColáiste Suffolk Comhdháil Thras-Eorpach i Saotharlanna Taighde BT an Aontais Eorpaigh. Beidh fócas na comhdhála ar athruithe san oideachas agus oiliúint i gcomhthéacs teicneolaíochta r-fhoghlama agus modheolaíochta, agus béim faoi leith ar oiriúnú cleachtas teagaisc aghaidh-ar-aghaidh chun soláthar éifeachtach a dhéanamh ar líne.

6. Bhí an 37ú Comórtas Scileanna Domhanda ann i St. Gallen, An Eilbhéis. Tháinig Foireann na hÉireann sa 10ú háit sa iomlán – bhí 36 tír san iomaíocht. Chuir ITC go mór le feidhmíocht na hÉireann, ag léiriú arís go bhfuil an Institiúid seo mar shárionad feabhais in oiliúint agus oideachas teicniúil. D'fheidhmigh léachtóirí/teagascóirí mar scrúdaitheoirí idirnáisiúnta (saineolaithe) ag an gcomórtas. Is Scrúdaitheoirí Ardchomhairleacha iad ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Comórtas Náisiúnta Printíseachta/Scileanna.

Ó cuireadh an comórtas ar bun in 1950, d'éirigh go geal le ITC gach bliain. Tá sé seo mar gheall ar an obair foirne san Institiúid. Cuireann fostóirí go mór fosta nuair a thugann siad seans d'iomaitheoirí am saor a ghlacadh le haghaidh oiliúna do agus iomaíochta sna comórtais seo.

7. Chuir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí aighneacht isteach chuig HEATC chun údarás tarmligthe a fháil lena nDuaiseanna Céime agus larchéime a bhronnadh. Tionscnamh mór de chuid ITC ba ea seo. Bhí moladh leis chun clár Céimeanna Taighde a choinneáil.

8. I Mí na Samhna 2003, shínigh Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí comhaontú déthaobhach comhoibrithe le hOllscoil Winsconsin-Platteville. Is é comhoibriú fadtéarmach oideachais agus taighde idir an dá institiúid cuspóir an chomhaontais. I measc na

7.1 Dialann Imeachtaí Speisialta

ngíomhaireachtaí comhoibrithe a bheidh ann beidh malartú mac léinn agus baill dáin, malartú ábhar teagaisc, agus comhoibriú taighde.

9. Fuair Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí duais mhór ar na mallaibh i gcomhair na hoiliúna a chuireann sé ar fáil in ECDL. Aithníonn an duais seo ionaid scrúdúcháin a léiríonn dea-chleachtas agus nuálaíocht i gcur i bhfeidhm na gclár ECDL agus go háirithe an tiomantas chuig forbairt Scileanna TE i measc a spriocghrúpa.

10. Thug Coiste an Oireachtais ar Chumarsáide Mara agus Acmhainní Nádurtha cuairt ar Choláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann dé Luain 12 Eanáir 2004.

11. Chruinnigh mic léinn ó ITC breis agus €10,000 ar son cúiseanna fiúntacha go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus i measc na gcarthannachtaí bhí

- Aonad/Ciste Leicéime Páistí – Oispidéal na Trócaire, Corcaigh
- Iontaobhas Páistí Christina Noble (Irl) Teo.
- CoAction
- Pobal Síomóin Chorcaí
- Cumann Disléicse na hÉireann, Brainse Chorcaí
- Enable Ireland
- Diostróife Mhatánach Éireann
- Cumann Pasáiste um Chúram Scothaosta (PACE)
- Iontabhas Páistí i mBaol Éireann (CARI)
- Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann (IHCPT)

12. The OECD visited the Institute on 24 February 2004 and met with the Executive of the Institute which resulted in a thorough and robust exchange of views. Ba é comhordánú agus bailíochtú Taighde Leibhéal Dochtúireachta croí na díospóireachta.

13. Ar an 1 Márta 2004, aithníodh 5 Fiontraí mar gheall ar a gcuid iarrachtaí ag searmannas ag Halla na Cathrach, Corcaigh, do na Duaiseanna Clár Fiontraíochta Genesis. Roghnaíodh na buaiteoirí ó 17 iomaitheoir. Riaraigh ITC an clár i gcomhar le IT Thrá Lí, Fiontraíocht Éireann, CCC, BIC Chorcaí agus Údarás na Gaeltachta agus rinne an AIB, Ernst & Young, Bord Fiontraíochta Chiarraí, Bord Fiontraíochta Chorcí Theas agus Bord Fiontraíochta Chathair Chorcaí urraíocht ar na duaiseanna. Cuireann clár ar nós Genesis timpeallacht bhreá ar fáil chun tacú le fás agus forbairt cuideachtaí nua. Tá géarghá le cuideachtaí dúchasacha eolais bunaithe ar ardteicneolaíocht le go mbeidh forbairt ar ár ngeilleagar agus tá ról lárnach ag ár

gcéimithe agus ár n-institiúidí oideachais i smaointí nua a fhorbairt a d'fhéadfaí a fhorbairt mar ghnó.

Is clár mear bliana cothaithe é an clár deartha chun tacaíocht agus forbairt bainistíochta a chur ar fáil d'fhiontraithe céime ar mian leo a ngnó féin a chur ar bun. Bíonn tréithe ar leith ag an ngnáthghnó. Bíonn tús áite ag an dteicneolaíocht ann, cruthaíonn sé postanna agus bíonn poitéinseal easpórtála ann.

14. Ar an 24 Márta, chuir an Institiúid fearadh na fáilte roimh an fhógra ón Aire Oideachais agus Eolaíochta, Noel Dempsey, T.D., gur cheadaigh an Rialtas go dtógfai Ceol-Scoil Nua Chorcaí. Ceadáíodh an Ceol-Scoil nua, a thógfaidh Jarvis Projects, tionscnamh a mbeidh siad i gceannas air mar Pháirtíocht Phríobháideach Phoiblí ar feadh cúig bliana is fiche, sa bhliain 2001 ach bhí deacrachtaí ar leith leis. Cosnóidh tógáil an fhoirgnimh beagnach níos lú ná €60m ar chostas caipitil, agus clúdaíonn sé seo trealamh, feistiú agus táillí proifisiúnta.

15. Leag an tAire Oideachais agus Eolaíochta, An tUas. Noel Dempsey, an bhunchloch don fhoirgneamh Turasóireachta agus Fáilteachais dé hAoine 7 Bealtaine 2004.

16. Fuair an Stiúrthóir duais ón Ardmheára, an Comhairleoir Colm Burke dé Céadaoin 24 Bealtaine mar gheall ar an méid a rinne sé le hoideachas tríú leibhéal i gCorcaigh a fhorbairt.

17. Bhí cuairt mhór ó Phainéal HETAC ó ITC ann dé hAoine 18 Meitheamh 2004. Ba é an chúis a bhí leis ná creidiúnas a thabhairt do ITC mar Institiúid a bheadh oiriúnach chun Clár Taighde Eolaíochta a choinneáil. I Meán Fómhair beidh cuairt den chineál chéanna ann maidir le hEolaíocht agus le hInnealtóireacht.

18. Thug cuairteoirí ó Rialtas Cathrach Mhuintir Shanghai cuairt ar an Institiúid Déardaoin 29 Iúil 2004 le féidearachtaí a fhiosrú faoi thionscnaimh chomhoibrithe a chur ar bun le ITC agus CCC ach go háirithe i gcomhthéacs mac léinn ón tSín a bheith ag freastal ar an dá Institiúid.

19. Thug Dr Tayeb Kamali, Leas-Sainsailéir Ardcholáiste na Teicneolaíochta Aontais na nÉimríochtaí Arabacha, Stiúrthóir ar Choláiste na bhFear Abu Dhabi agus ball bunaidh agus Stiúrthóir Bainistíochta Lárionaid Feabhais Taighde Fheidhmigh agus Oiliúna, thug sé in éineacht leis an Uas. John Rea, Léachtóir Matamataice cuairt ar an Institiúid Déardaoin 12 Lúnasa 2004 maidir le staidéar féidearthachta ar mhic léinn iardhioplóim a aistrí chuig ITC.

7.2 Cumann na gCéimithe

Éascaíonn Cumann na nIarchéimithe ITC céimí chun teagmháil a choinneáil le hITC agus lena gcairde óna laethanta ar choláiste. Cruthaíonn an Cumann líonra proifisiúnta agus sóisialta atá le leas Céimithe agus na hInstitiúide.

Craobhacha Domhanda

Tá naoi gcrabh ag an gCumann fud fad an domhain. Tá ionadaí craobhe ag gach craobh a eagraíonn cruinnithe áirithe agus ócáidí gach bliain. Déanann an tIonadaí seo teagmháil leis an Oifig Teagmhála Céimithe in ITC.

Coiste Comhlach Céimithe

Bhí CCB an Chumainn ar an 28 Bealtaine ag 6.30 in in oifigí Deloitte & Touché, Seomraí na Cathrach, 4 Cé Lapp, Corcaigh. Cuireadh an-eolas ar fáil agus toghadh sé bhall nua ar an gcoiste.

Tairbhí agus Seirbhísí Ball

Cuireann Cumann na gCéimithe ITC an-chuid tairbhí agus seirbhísí ar fáil dá mbaill, ina measc:

- cúnamh agus teacht le chéile a eagrú
- lacáistí ar sheirbhísí
- an irisleabhar Learning City
- eolas ginearálta faoi ghairmeacha, scileanna agallamh agus forbairt CV do chéimithe úrnua (do chéimithe ar an gcéad bhliain amach)
- rochtaineacht chuig áiseanna ITC (ina measc ballraíocht leabharlainne)
- cuirí chuig ócáidí áirithe
- teacht ar chraobhacha domhanda agus réigiúnacha an Chumainn

Ócáidí/Teacht le Chéile

- Rang 1998 Ailtíreacht Theicniúil – Teacht le chéile 5 Bliana eagraithe ag Tim Clifford – Nollaig 2003
- Bhí teacht le chéile ann do chéimithe ó na blianta 1998/1993/1988/1978 ar an 28 Bealtaine i Scott's ar Shráid Caroline
- D'eagraigh céimí ó Choláiste na hEalaíona agus Deartha Crawford, Morgan Ferriter ó Thír Chonaill ó dhúchas, taispeántas maith in Óstán Chief O'Neill, i mBaile Átha Cliath in Aibreán 2003. Ghlac Morgan páirt sa Toronto Outdoor Art Show in Iúil 2003 ag Halla Cathrach Toronto.

Is é seo an taispeántas is mó taobh amuigh den chineál seo i Meiriceá Thuaidh agus is í Morgan an chéad ealaíontóir Éireannach a roghnaíodh le páirt a ghlacadh ann.

Próifil Chéimithe Faighte

- Céimíodh Jean Kavanagh i 1998 le Diplóma i Scileanna Maoirseoireachta agus Comhairliúcháin.
- Céimníodh Rory McCarthy i 1997 le BBS.
- Céimíodh Colm Kelly i 1990 le Diplóma san Innealtóireacht Mheicniúil
- Céimíodh Gerard McKeogh i 196 le Baitsiléir Innealtóireachta san Innealtóireacht Mheicniúil
- Céimíodh Colm Buckley i 1986 le Teastas san Fhísic Ionstraimíochta
- Céimíodh Bernard O'Connell i 1991 le Teastas san Innealtóireacht Leictreonaice



7.3 Pointí Teagmhála

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA CHORCAÍ
Gréasán: www.cit.ie

Campas Bhaile an Easpaig

Seoladh
Ascaill Rosa
Baile an Easpaig
Corcaigh

Fón
(021) 4326100

Facs
(021) 4545343

Ceol-Scoil Chorcaí

Seoladh
Cé na hAontachta
Corcaigh

Fón
(021) 4270076

Facs
(021) 4276595

Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford

Seoladh
Sráid Sharman Crawford
Corcaigh

Fón
(021) 4966777

Facs
(021) 4962267



Foilsithe ag: Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí,
Baile an Easpaig, Corcaigh, Éire.
© Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí Aibreán
2008

Tionsaithe ag an bhFoireann in Oifig an
Uachtaráin

Nóta:
Rinneadh gach iarracht a dheimhniú go bhfuil
an t-eolas anseo istigh cruinn. Ní ghlacann an
Institiúid le dliteanas ar bith ag teacht ó earráidí
anseo istigh.

Priondálil: Uppercase Ltd., Corcaigh



Dearadh & Leagan Amach:
Raven Design, Corcaigh



Seirbhísí Comhairle
Teanga & Aistriúcháin